



Ranníocaíochtaí Saorálacha

Cad is ranníocaíochtaí saorálacha ann?

Ligeann ranníocaíochtaí saorálacha duit a bheith árachaithe nuair a fhágann tú an córas éigeantach ÁSPC. Féadfaidh tú ranníocaíochtaí saorálacha a íoc, ar chuntar go gcomhlíonfaidh tú coinníollacha áirithe:

- mura bhfuil tú faoi chumhdach scéime ÁSPC ar bhonn éigeantach in Éirinn a thuilleadh,
- mura bhfuil tú faoi chumhdach scéime ÁSPC ar bhonn éigeantach nó saorálach in aon tír eile den Aontas Eorpach a thuilleadh,
- má tá tú faoi bhun 66 bliana d'aois,
- má chomhlíonann tú coinníollacha cáiliúcháin.

Tabhair faoi deara

Níl ranníocaíochtaí saorálacha éigeantach, tá sé de rogha ag duine iad a íoc nó gan iad a íoc. Ní féidir iad a aisíoc ach amháin mar a n-íoctar i ndiaidh an dáta dhlite iad nó mar ar íocadh ÁSPC éigeantach sa bhliain chéanna freisin. Ní foláir aisíocaí a éileamh laistigh de theorainn cheithre bliana.

Conas a bhíonn duine ina ranníocóir saorálach?

Ní foláir nó go mbíonn ranníocaíochtaí ÁSPC íoctha cheana agat ón bhfostaíocht nó ón bhféinhostaíocht, mar a leanas:

- Is gá **520 seachtain** chun a bheith ligthe isteach ó dháta ar 6 Aibreán 2015 nó ina dhiaidh sin
 - Is gá **468 seachtain** chun a bheith ligthe isteach idir 6 Aibreán 2014 agus 5 Aibreán 2015
 - Is gá **364 seachtain** chun a bheith ligthe isteach idir 6 Aibreán 2013 agus 5 Aibreán 2014
 - Is gá **260 seachtain** chun a bheith ligthe isteach roimh 6 Aibreán 2013
- agus**

- ní mór duit iarratas a dhéanamh laistigh de 60 mí ó dheireadh na bliana ranníocaíochta ba dhéanaí inar íoc tú árachas éigeantach nó inar dámhadh ranníocaíocht curtha chun sochair duit,

agus

- ní mór duit aontú ranníocaíochtaí saorálacha a íoc:

ó thús na seachtaine ranníocaíochta i ndiaidh na seachtaine ina n-éiríonn tú as ÁSPC éigeantach,

nó

ó thús bliana ranníocaíochta ar bith a roghnaíonn tú laistigh den tréimhse ina mbíonn tú ligthe isteach mar ranníocóir saorálach.

Má dhéanann tú ranníocaíochtaí fostaíochta ar Aicme J den ÁSPC, ní féidir iad a úsáid chun na coinníollacha seo a chomhlíonadh. Tá cead agat, áfach, ÁSPC ar Aicme J agus Ranníocaíochtaí Saorálacha a íoc san am céanna, má chomhlíonann tú na critéir iontrála.

Is ionann **an bhliain ranníocaíochta** agus an bhliain chánach ioncaim - ritheann sí ó mhí Eanáir go mí na Nollag, mar sin.

Cén ráta ranníocaíochta ba chóir a íoc?

Tá **trí** ráta éagsúla ann i gcomhair na ranníocaíochtaí saorálacha. Bunaítear an ráta a íocann tú ar ráta na ranníocaíochta ÁSPC a bhíonn íoctha agat nó curtha chun sochair duit.

An cineál ranníocaíochta	An méid Iníoctha	Má d'íoc tú ÁSPC Aicme
Ráta Ard*	6.6%	A, E, H
Ráta Íseal*	2.6%	B, C, D
Ráta Speisialta	Ráta comhréidh €500 S	

*Is éard a bhíonn i méid na ranníocaíochta saorálaí a íocann tú in aon bhliain ranníocaíochta ná céatadán de d'ioncam ináirithe sa bhliain chánach roimhe sin, faoi réir táille íosta €500 i dtaca leis an Ráta Ard agus €250 i dtaca leis an Ráta Íseal.

Conas a íoctar ranníocaíochtaí saorálacha?

Tá cead agat ranníocaíochtaí saorálacha a íoc:

- mar chnapshuim, **nó**
- ina ngálaí atá comhaontaithe le Rannóg na Ranníocaíochtaí Saorálacha.

Má ghactar leat sa scéim, is féidir leat do ranníocaíochtaí saorálacha a íoc trí sheic, trí dhréacht baincéara nó trí Bhuanordú.

Ní mór duit an íocaíocht **iomlán** i leith na bliana a íoc laistigh de 12 mhí i ndiaidh an dáta a gcuirtear bille chugat as na ranníocaíochtaí saorálacha.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

Cad iad na sochair atá faoi chumhdach na ranníocaíochtaí saorálacha?

Cumhdaíonn na ranníocaíochtaí saorálacha sochair fhadtréimhseacha, mar phinsin. Ní chumhdaíonn na ranníocaíochtaí saorálacha, áfach, sochair ghearrthréimhseacha mar iad siúd i dtaca le Breoiteacht, Lucht Cuardaigh Fostaíochta, Máithreachas, Atharthacht, Díobhálacha Ceirde nó Cóireáil, agus ní féidir iad a úsáid chun cáiliú d'íocaíocht Easláine.

Is iad seo a leanas na sochair a bhaineann le gach ráta Ranníocaíochta Saorálaí:

Ranníocaíocht ar ráta ard

- Pinsean Stáit (Ranníocach)
- Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach)
- Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach)

Ranníocaíocht ar ráta íseal

- Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach)
- Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach)

Ranníocaíocht ar ráta speisialta

- Pinsean Stáit (Ranníocach)
- Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach)
- Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach)

Má tá am saor ón obair á ghlacadh agat chun aire a thabhairt do leanaí (faoi bhun 12 bhliain d'aois) nó do dhuine fásta éagumasach nó do leanbh éagumasach atá 12 bhliain d'aois nó níos sine, b'fhéidir gurbh fhearrde duit an **Scéim um Chúramaí Baile** a roghnú. Faoin scéim seo, féadfaimid neamhaird a thabhairt ar bhlianta a chaitear leis an gcúramóireacht nuair a áireoimid do theidlíocht ar Phinsean Stáit (Ranníocach).

Chun a thuilleadh eolais a fháil ar an **Scéim um Chúramaí Baile**, logáil isteach ar **www.welfare.ie** nó déan teagmháil le:

An Roinn Coimirce Sóisialaí

An Rannóg um Chúramaí Baile

Bóthar Mhic Artair

Bun Cranncha

Co. Dhún na nGall

Guthán: **(01) 4715 898**

Íosghlao: **1890 690 690**

Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh, le do thoil, ar **+353 1 4715898** (ó Thuaisceart na hÉireann nó ón gcoigríoch).

Cathain a chuirtear stad le ranníocaíochtaí saorálacha a íoc?

Stadfaidh tú de ranníocaíochtaí saorálacha a íoc sa bhliain chríochnaithe dheireanach ranníocaíochta sula sroichfidh tú 66 bliana d'aois.

Thairis sin, scoireann tú de bheith i do ranníocóir saorálach, má théann tú faoi dhliteanas ÁSPC éigeantach a íoc arís, mar ranníocóir fostaithe, nó mar ranníocóir féinfhostaithe.

Má chomhlíonann tú na coinníollacha ÁSPC do Phinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach) ag 66 bliana d'aois, leanfaidh tú de bheith cumhdaithe ó thaobh na n-íocaíochtaí sin.

Conas a dhéantar iarratas?

Chun a bheith i do ranníocóir saorálach, ní mór duit foirm iarratais **VC 1** a líonadh agus a chur ar ais chuig:

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Seirbhísí Intofachta na gCliaint

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh

Bóthar Chorcaí

Port Láirge

Guthán: **(01) 4715 898**

Íosghlao: **1890 690 690**

Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh, le do thoil, ar **+ 353 1 4715898**.

Arna eisiúint ag:

Seirbhísí Eolais

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh

Bóthar an Choláiste

Sligeach

Creidmheasanna

Ní gá i gcónaí ranníocaíochtaí saorálacha a íoc, má scoireann tú den fhostaíocht. Má tá íocaíocht leasa shóisialaigh á fáil agat, nó má tá tú ag síniú i gcomhair creidmheasanna, féadfaidh ranníocaíochtaí curtha chun sochair (nó 'creidmheasanna') a bheith dlite duit, rud a chuirfidh do thaifead árachais shóisialaigh bord ar bhord leis an eolas is déanaí freisin. Is féidir leat seiceáil a dhéanamh chun a fháil amach an bhfuil creidmheasanna á bhfáil agat ar d'íocaíocht leasa shóisialaigh trí theagmháil a dhéanamh le do Lárionad Intreo áitiúil nó le d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar www.welfare.ie.

Ag fágáil na hoibre de dheasca breoiteachta

Má tá tú éagumasach chun oibre de dheasca breoiteachta, díobhála nó míchumais, féadfaidh tú a bheith i dteideal 'creidmheasanna'. De ghnáth, déantar 'creidmheasanna' a dhámhachtain go huathoibríoch, má fhaigheann tú Sochar Breoiteachta, Pinsean Easláine nó Sochar Díobhála Ceirde. Má oibríonn tú sa tSeirbhís Phoiblí agus má íocann tú ÁSPC ar aicme B, C, nó D agus má bhíonn ort éirí as obair de dheasca easláinte, is féidir leat do thaifead árachais shóisialaigh a chothabháil trí theastais dochtúra a sheoladh isteach uair sa bhliain. Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar na 'creidmheasanna' seo tríd an bhfoirm iarratais **CR 35** a líonadh.

Is cóir duit d'fhoirm **CR 35** líonta a chur chuig:

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Seirbhísí Intofachta na gCliaint

Bóthar Mhic Artair

Bun Cranncha

Co. Dhún na nGall

Guthán: **(01) 4715 898**

Íosghlao: **1890 690 690**

Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh, le do thoil, ar **+353 1 4715898**.

Ag fágáil na hoibre chun aire a thabhairt do dhuine

Má fhágann tú an lucht saothair chun aire a thabhairt do dhuine, is féidir go gcáileoidh tú d'íocaíocht ón Roinn seo, mar Liúntas Cúramóra nó Sochar Cúramóra. Is féidir freisin go mbeidh tú i dteideal 'creidmheasanna'

Is mar threoir amháin atá an bhileog seo agus ní léirmhíniú dleathach atá inti.

Chun a thuilleadh eolais a fháil:

• Logáil isteach ar www.welfare.ie.

• Guthán: **(071) 919 3302**

LoCall: **1890 66 22 44**

Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh, ar **+353 71 91 93302**, le do thoil.

• Buail isteach chuig d'Ionad áitiúil um Fhaisnéis do Shaoránaigh, do Lárionad Intreo áitiúil nó d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil.

le linn duit na híocaíochtaí seo a fháil.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar www.welfare.ie.

Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?

Chun a thuilleadh eolais ar Ranníocaíochtaí Saorálacha a fháil, déan teagmháil le d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó le **Seirbhísí Intofachta na gCliaint**, Oifig Phort Láirge, ag an seoladh atá tugtha.

Chun leabhráin eolais, foirmeacha iarratais agus a thuilleadh eolais ar sheirbhísí leasa shóisialaigh a fháil:

• Logáil isteach ar www.welfare.ie.

• Guthán: **(071) 919 3302**

Íosghlao: **1890 66 22 44**

Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh, le do thoil, ar **+353 71 91 93302**.

• Buail isteach chuig d'Ionad áitiúil um Fhaisnéis do Shaoránaigh, do Lárionad Intreo áitiúil nó d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí éagsúla a ghearradh as úsáid uimhreacha 1890 (Íosghlao).

Leabhráin áisiúla eile

Obair a Thabhairt Suas De Dheasca Easláinte

SW 20

Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach) agus Íocaíocht Chaomhnóra (Neamh-Ranníocach)

SW 115

Scéim um Chúramaí Baile

SW 1

Galair Fhorordaithe Cheirde

SW 33

Rátaí Íocaíochta

SW 19

Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach)

SW 26

Tá eolas breise ar an bPinsean Stáit (Ranníocach) le fáil anseo:

<http://www.welfare.ie/en/Pages/Qualifying-for-State-Pension-Contributory.aspx>